NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11050 – PAI PARTNERS / SAVORY SOLUTIONS GROUP)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 87/15)

1. An 1 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PAI Partners (an Fhrainc),

— International Flavors & Fragrances' ("IFF", na Stáit Aontaithe), an t-aonad gnó um réitigh shaillte ("Savoury Solutions Group", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh PAI Partners go hindíreach rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Savory Solutions Group ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh Eorpach é PAI Partners a bhainistíonn roinnt cistí a infheistíonn ar fud an domhain sna hearnálacha seirbhísí gnó, táirgí bia agus tomhaltais, tionscal ginearálta agus cúraim sláinte,

— Soláthraíonn Savory Solutions Group réitigh shaillte ar fud an domhain, amhail réitigh bhlais agus réitigh fheidhmiúla, do phróiseálaithe bia tionsclaíocha (feoil phróiseáilte, éisc, bia mara, réitigh bia phlandabhunaihte), do bhúistéirí, do sholáthraithe seirbhíse bia agus do sholáthraithe bia áisiúlachta. Táirgeann sé comhábhair dhatha, cásálacha agus cultúir le haghaidh bia saillte freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11050 – PAI PARTNERS / SAVORY SOLUTIONS GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË